

# ❖ An Lúibín ❖

3 Márta 2014

## Slógaí

Is gearr ó bhí slógaí móra ann i gcathracha na hÉireann ag éileamh cirt don Ghaeilge. Conradh na Gaeilge agus eabraíochtaí eile a chuir ar bun iad, agus bhí 10,000 duine sa slua a tháinig amach i mBaile Átha Cliath. Daoine óga is mó a bhí ann. Creideann na heagraíochtaí Gaeilge go bhfuil an rialtas neamhshuimiúil sa teanga agus nach fada go mbeidh sí marbh sa Ghaeltacht.

Tá ceart anois ag daoine, de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, chun dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí an Stáit trí Ghaeilge. Mar sin féin, tá cuid d'fhorálacha an Achta lochtaithe go géar maidir le haistriú cáipéisí nach léitear, mar shampla. Tá ag éirí go seoigh le TG4 agus tá na gaelscoileanna agus na meáin shóisialta Ghaeilge chomh fuinniúil sin anois nach féidir le polaiteoirí neamhshuim a dhéanamh orthu. Ach tá rudaí éigin caillte. Tá deireadh anois leis an mbónas 6% i scrúduithe iontrála na státseirbhíse, agus dúradh go dtógfadh sé ocht mbliana is fiche céatadán na nGaeilgeoirí sa Roinn Oideachais a mhéadú ó 1.5% go 3%. Tá an rialtas ag smaoineamh ar fháil réidh leis an nGaeilge éigeantach san Ardeistiméireacht. Ní léir, ar ndóigh, go ndeachaidh an bónas ar sochar don teanga riamh ná go ndéanfadh cealú na Gaeilge éigeantaí (mar atá sí anois) mórán dochair: admhaíonn cách gur ceart í a leasú ó bhonn.

Is maith an rud an oiread sin daoine, agus daoine óga go háirithe, a bheith sásta teacht amach ar son na Gaeilge. Ach b'fhéidir go bhfuil seanpharanóia na nGaeilgeoirí le haithint anseo – an claonadh atá acu chun namhaid a fheiceáil ar chúl gach claí. Déarfadh duine ón taobh amuigh nach bhfuil an teanga i mbaol ar chor ar bith. Níl rath i ndán don Ghaeltacht ach tá an scéal sin ó leigheas anois: bímis buíoch den bhláthú in áiteanna eile. Ní dócha go bhfuil céatadán na státseirbhíseach le Gaeilge i bhfad níos ísle ná céatadán na nGaeilgeoirí líofa ina n-íomláine (1.6%?).

Mar sin féin, mar a chuir an t-iriseoir Laura Gaynor in iúl le déanaí,<sup>1</sup> is fusa duit freagra a fháil i nGaeilge ón AE ná a leithéid a fháil ó roinn stáit in Éirinn. Tugann a scéal féin léargas dúinn ar conas is féidir Gaeilgeoir a dhéanamh de dhuine a d'fhoghlaim an teanga ar scoil ach nach raibh go han-mhaith chuici. D'fhoghlaim sí an chuid is mó den Ghaeilge atá aici ó bheith ag obair sna meáin agus deir sí go gcuireann an dá theanga ar a cumas í féin a chur in iúl níos éifeachtaí. Lena chois sin, cuireann an Ghaeilge deiseanna ar leith ar fáil. Deir sí gur minice Gaeilge á húsáid ag na hÉireannaigh mar chomhartha ná mar uirlis chumarsáide; ach is dóigh léi gur mór an botún teanga a ligean ar lár toisc go gcuireann sí as do státseirbhísigh. Cinnte, tá airgead de dhíth ar an Rialtas; mar sin féin, ní pribhléid é teanga a labhairt ach ceart.



## Dhá oileán

Tá mórán ráite san Astráil faoin neamhshuim atá ag daltaí agus ag a dtuismitheoirí i dteangacha eile, neamhshuim nach deacair a thuiscint: tá Béarla againn, tar éis an tsaoil. Is gnách le lucht oideachais tábhacht na dteangacha Áiseacha a fhógairt agus is beag a thagann de. Tá dlúthbhaint ag an mBéarla leis an tuiscint atá ag Astrálaigh orthu féin agus tá a mblas féin fágtha acu air. Bheadh an méid sin ceart go leor murach an aigne chúng i leith teangacha a leanann é.

<sup>1</sup> Laura Gaynor, 'EU respects Irish more than leaders do,' *Irish Examiner*, 18 Feabhra 2014.

Cuireann píosa a scríobhadh cúpla bliain ó shin i gcuimhne dúinn gurb ionann cás don Astráil agus d'Éirinn sna cúrsaí seo (Thomas Molloy, 'Irish firms should take the plunge and begin exporting to Germany,' *Irish Independent*, 16 Bealtaine 2011: [www.tcd.ie/Germanic\\_Studies/](http://www.tcd.ie/Germanic_Studies/)). Tá cuntas grinn ann ar na difríochtaí cultúrtha idir Éire agus an Ghearmáin agus ar an tionchar atá acu ar ghnóthaí tráchtála.

Taitníonn an páipéarachas leis na Gearmánaigh, a deir Molloy. In Éirinn is treise an croí ná an ceann sna cúrsaí seo; tá tábhacht le do cheantar dúchais agus le do lucht aitheantais. Sa Ghearmáin is éard is tábhachtaí mioneolais a bheith agat ar do ghnó. Ní thagann toradh ar chruinnithe gnó ar an bpointe, agus de réir a chéile a chuireann siad caidreamh ort. Ní bhíonn leisce orthu drochscéal a insint duit go neamhbhalbh; bíonn na hÉireannaigh níos seachantaí. Is maith le Rialtas na hÉireann comhlachtaí a mhealladh isteach le cánacha ísle, ach ní sa ráta cánachais is mó atá suim ag na Gearmánaigh. Ar dhaoine oilte ábalta atá tóir acu agus rachaidh siad pé áit a bhfuil a leithéidí siúd le fáil.

Más áil leat gnó a dhéanamh sa Ghearmáin déan deimhin de go bhfuil Gearmáinis líofa ag do chuid gníomhairí. Taispeánann figiúirí *Eurostat* nach dóigh le 30% de chainteoirí Gearmáinise idir 25 agus 64 bliain d'aois féin go bhfuil a gcuid Béarla líofa go leor; ach iadsan an dream a shocraíonn cúrsaí gnó i gcomhlachtaí Gearmánacha. Ach is beag Éireannach a bhfuil teanga iasachta aige, agus tá laghdú ag teacht ar an líon daltaí atá ag foghlaim Gearmáinise.

Is oileán í Éire agus fearann cultúrtha na Breataine idir í agus cabaireacht choimhthíoch na Mór-Roinne. Is oileán í an Astráil freisin agus gan cultuir eile ag cúngú uirthi. Cinnte, tugann na hinimircigh a gcuid teangacha féin isteach leo agus séala dea-mhéine an ilchultúrachais ar an ngnó, ach fanann an Béarla i réim: ní bhraitheann na hAstrálaigh dianbhrú an domhain mhóir orthu i gcúrsaí teanga. Ní fiú lena bhformhór dul faoi chraiceann an tsaoil máguaird. Ní go luath a thiochfaidh cuma eile ar an scéal, má thagann ar chor ar bith.

B'fhéidir go bhfuil sé in am cuspóirí ciallmhara a cheapadh sna cúrsaí seo, cuspóirí ar féidir iad a bhaint amach gan iomarca dua (seachas ateangairí a dhéanamh de leath an phobail). Mar sin féin, is fíor i gcónaí nach féidir gnó a dhéanamh i dtír eile gan cultúr na tíre sin a thuiscint. Ní fearr rud a dhéanfá sa chás sin ná teanga na tíre a fhoghlaim.



## **Wikipedia agus an Vicipéid**

Is é Wikipedia ciclipéid ár linne. Tá os cionn 30 milliún alt ann i 287 teanga. Tríd is tríd, is féidir le duine ar bith cur le Wikipedia ach é a dhéanamh de réir na rialacha stíle agus eile atá leagtha síos. Ní leatsa ná le haon duine eile an t-alt atá scríofa nó athraithe agat agus níl aon duine ná dream ar leith i gceannas. Cuidíonn leathanach 'Plé' leis na scríbhneoirí (a dtugtar 'eagarthóirí' orthu) dul i comhar le chéile.

Eagarthóirí atá cláraithe agus a bhfuil méid éigin oibre déanta acu tarraingíonn siad údarás orthu féin, ach is minic díospóireacht bheoga ann. Tá 'riarthóirí' ann chun smacht a imirt ar eagarthóirí má éiríonn an díospóireacht rótheasaí nó má dhéantar athruithe míchuí. Meastar mar loitiméireacht aon athrú a dhéanann dochar d'iontaofacht Wikipedia. Is féidir leis na riarthóirí eagarthóirí a chosc nó a shrianú, agus caithfidh siad féin géilleadh do na 'maoir' agus do chomhairle eadrána. Ach ní hé go bhfuil lánúdarás ag aon duine acu seo sa scéal, agus b'fhéidir go gcuirí míle athrú beag i bhfeidhm gan chead ó aon duine. Mar sin féin, tá an líon eagarthóirí ag dul i laghad.

Tá na mná gann i saol Wikipedia. Nuair a rinneadh suirbhé sa bhliain 2011 fuarthas amach nach raibh iontu ach 13% de na eagarthóirí. Ní chuirfeadh sé sin iontas ort: is fada saol na ríomhaireachta faoi smacht na bhfear, agus is breá le fir fíricí. Na hailt faoi ábhar a bhfuil suim ag fir ann is iad na hailt is tathagaí agus is faide. Tá an t-eolas ag na mná ach is minic nach bhfuil siad chomh teanntásach leis na fir.

Is gearr ó bhí maoir nua á dtoghadh agus ba dhíol spéise iad na hiarrthóirí. Bhí cúpla teanga ar a laghad ag gach duine acu, bhí an-suim acu sa fhrithspamáil agus sa fhrithloitiméireacht agus an-taithí acu mar riarthóirí i dtionscadail Wiki. B'as an Eoraip nó as Meiriceá Thuaidh dá bhformhór agus ní raibh bean ar bith ina measc. B'fhurasta saothíni a thabhairt orthu, mar sin (agus d'admhaigh duine acu go mínáireach gur 'nerd' é).

Is éard is mó a chuireann beagachtach ar eagarthóirí nua an cliarlathas ceandána atá ann agus a chuid rialacha casta. Tá i bhfad níos mó athruithe á gcealú, agus uirlisí uathoibritheacha (na 'bait') is mó a dhéanann é. Mar sin féin, tá fad ag teacht sna hailt atá ann cheana agus breis oibre le déanamh dá réir ag buíon níos lú.

Is é an fhadhb is mó ar fad ar fad, más fíor do deir Jimmy Wales (bunaitheoir Wikipedia), ná a laghad sin éagsúlachta a bheith ag baint leis na heagarthóirí. Tá daoine nua ag teastáil chun tabhairt faoi thopaicí nach bhfuil mórán oibre déanta orthu.

Tá Fundúireacht Wikipedia ag iarraidh na fadhbanna a fhuascailt. Thug siad comhairleoirí straitéise isteach cúpla bliain ó shin. Is iad na cuspóirí atá acu ná eagarthóireacht a dhéanamh níos fusa, breis eagarthóirí a earcú i dtíortha nach raibh baint mhór acu leis an tionscadal go dtí seo, níos mó uirlisí a thabhairt d'eagarthóirí, agus tairbhe a bhaint as áiseanna fóin agus as-líne chun breith ar níos mó ná an 6% den daonra domhanda a úsáideann Wikipedia faoi láthair. Agus tá iarracht á déanamh anois ar líon na mban a mhéadú.

Agus tá Wikipedia na Gaeilge ann: an Vicipéid (<http://ga.wikipedia.org/>). Tá os cionn 28,000 alt sa Vicipéid anois ach is dócha nach bhfuil i gcuid mhaith acu ach 'stumpaí' – abairtí gearra a thugann cuntas lom ar an dtopaic agus nach mór iad a mhéadú go mór. Na hailt fhada atá ann bhainfeadh a bhformhór le hábhar daonnachtúil seachas le hábhar eolaíoch nó teicniúil. (Is féidir a rá, áfach, gur fearr cuid de na hailt úd ná a leithéidí in Wikipedia an Bhéarla.) Is iad na topaicí is laige sa Vicipéid an fhisic, an mhataimic, an cheimic, an bhitheolaíocht, an éiceolaíocht, an innealtóireacht, an ríomheolaíocht agus an réalteolaíocht. Baineann an Vicipéid tairbhe, áfach, as ábhar atá le fáil in *Fréamh an Eolais*, ciclipéid eolaíochta agus teicneolaíochta a chum an tOllamh Matthew Hussey (Coiscéim 2011) agus a cuireadh ar fáil don Vicipéid saor in aisce. Is éard atá ag teastáil anois ailt fhada chuimsitheacha ar na topaicí úd.

Ag an bpointe seo ba chóir a fhiafraí an fiú an obair seo a dhéanamh ar chor ar bith mura bhfuil daoine sásta na hailt a léamh. B'fhurasta suaitheantas foirmiúil a dhéanamh den Vicipéid, rud nach bhfuil ann ach maisiú, ach tá dóchas éigin ann. Fiú sa bhliain 2010 fuair an Vicipéid 23,142 amas, agus tá tathag ag teacht sa tionscadal, más de réir a chéile é. Féachaimis ar na trí mhí dheireanacha den bhliain 2013: cumadh dhá alt i Mí Dheireadh Fómhair, ocht gcinn i Mí na Samhna agus ceithre cinn i Mí na Nollag,<sup>2</sup> agus tá roinnt alt eile scríofa ó shin.

Is é an deacracht is mó atá ann go bhfuil slua mór saineolaithe ar fáil ag na leaganacha 'móra' de Wikipedia agus gan ach scata beag ag obair ar an Vicipéid: níl an réim chéanna eolais ann. Tá easpa ban ar an Vicipéid mar atá ar Wikipedia i gcoitinne. Mar sin féin, níl cliarlathas casta conspóideach ann chun an obair a bhacadh agus níl na bait róghníomhach. B'fhéidir gur chóir faire níos géire a dhéanamh. Is cinnte gur gá breis eagarthóirí a earcú.

#### ***Le léamh:***

G.F. |Seattle, 'Who really runs Wikipedia?' *The Economist*, 5 Bealtaine 2013

<http://www.economist.com/blogs/economist-explains/2013/05/economist-explains-who-really-runs-wikipedia>

Noam Cohen, 'Define Gender Gap? Look Up Wikipedia's Contributor List,' *New York Times*, 30 Eanáir 2011

[http://www.nytimes.com/2011/01/31/business/media/31link.html?\\_r=0](http://www.nytimes.com/2011/01/31/business/media/31link.html?_r=0)

Tom Simonite, 'The decline of Wikipedia,' *Technology Review*, 22 Deireadh Fómhair 2013

<http://www.technologyreview.com/featuredstory/520446/the-decline-of-wikipedia/>



---

<sup>2</sup> <http://stats.wikimedia.org/EN/TablesWikipediaGA.htm>.

## An Armáid agus Éire



Aillte an Mhothair (*Wikipedia Commons*). D'aimsigh an gailias *Zuñiga*, long de chuid na hArmáide, bearna sna hailte seo agus chuaigh ar ancaire. D'éirigh léi éalú arís le cóir agus teacht abhaile.

Cuntas gearr a thugann *Annála Ríochta Éireann* ar eachtra na hArmáide:

1588. Cobhlach mór .i. ocht f-fichit long do thocht ó rígh na Spáinne for fairrge isin m-bliadhain-so, & ad-berad aroile gur bhó h-edh ro ba menmarc leo cuan & caladh do ghabhail h-i c-criochaibh Saxon dia c-caomhsataois etarbhaoghal d'foghbhail fuirre. Nír bhó h-amhlaidh do-rala dóibh, uair do eccaimh cobhlach na bainrioghna friú for an f-fairrge, & ro gabhsat ceithri longa dibh, & ro sgaoil & ro eisreidh an chuid ele don chobhlach fo airearibh na c-crioch c-comhfoccus .i. don taobh thoir do Shaxaibh, & don taobh thoir tuaidh do Albain, & don taoibh thiar tuaidh d'Éirinn. Ro báidhedh dronga móra dona Spainneachaibh isna h-oireraibh-sin iar lán-bhrisedh a long, & terna an chuid ro ba lugha dibh tara n-ais don Spáinn, & at-berat aroile go ro fácbadh naoí míle dibh don chur-sin.<sup>3</sup>

*Cabhlach mór .i. ocht bhfichid long a theacht ó rí na Spáinne ar farráige sa bhliain seo, agus deir daoine éigin gurbh é ba chuspóir dóibh cuan agus caladh a ghabháil i gcríocha Shasana dá bhféadfaidís caoi a fháil air. Níorbh amhladh a tharla dóibh, ó tháinig cabhlach na Bainríona rompu ar an bhfarráige agus ghabh ceithre long dóibh; agus scaoil agus scaip an chuid eile den chabhlach faoi oirir na gcríoch cóngarach .i. den taobh thoir de Shasana, agus den taobh thoir thuaidh d'Albain agus den taobh thoir thuaidh d'Éirinn. Bádh dronga móra de na Spáinnigh sna hoirir sin ar lánbhriseadh a long, agus théarnaigh an chuid ba lú dóibh thar n-ais don Spáinn, agus deir daoine éigin gur fágadh naoi míle duine dóibh den chor sin.*

I Mí na Lúnasa 1588 sheol 130 long ó Chorunna faoi cheannas Alonso de Guzmán El Bueno, 7ú Diúc Medina Sidonia. Ba í seo Armáid na Spáinne, agus bhí sí chun arm a thabhairt ó Fhlóndras chun ionradh a dhéanamh ar Shasana. Bhí na longa roinnte ina scuaidríní agus bhain siad le réigiúin dhifriúla d'Impireacht na Spáinne. Bhí an éagsúlacht chéanna le haithint ar na mairnéalaigh agus ar na saighdiúirí – Spáinnigh, Iodálaigh, Gréagaigh féin. Mar is eol dúinn, theip ar an iarracht; bhí cabhlach Shasana in ann na Spáinnigh a ruaigeadh. Ní raibh ach 110 long in ann an Mhuir Thuaidh a bhaint amach agus bhí droch-chaoi orthu: dochar déanta do mhórán díobh, lón de dhíth orthu, cuid mhaith ancairí cailte acu. Chuaigh ceannasaithe na hArmáide i gcomhairle lena chéile agus shocraigh Medina Sidonia an cúrsa nua: ó thuaidh i dtreo chósta na hIoruaidhe, ansin chun fadlíne Shealtainn agus as sin chun Rocal. Bheadh ar na longa dul lastall de rinn thuaisceartach Inse Shealtainn, céad míle slí a choinneáil idir iad agus cósta na hAlban, dul isteach san Atlantach chomh fada le hoileáinín Rocal agus fanacht 400 míle slí lastall de bhéal na Sionainne. Rachaidís ó dheas ansin chun na Spáinne.

Bhí an aimsir uafásach dona; bhí cuid de na longa gan uisce, bhí an bhuinneach coitianta agus bhí an bia lofa. Ní raibh léarscáileanna cruinne ag na píolótaí agus b'éigean dóibh maraíocht mheasta a dhéanamh. D'éirigh leis na longa sleamhnú idir Inse Oirc agus Inse Shealtainn ach theip ortha Rocal a bhaint amach. Bhí gaoth aneas ann idir 21 Lúnasa agus 3 Meán Fómhair agus níorbh fhéidir leo dul siar ó dheas. Is dócha nár thuig na píolótaí conas a rachadh Sruth na Murascaille ina gcoinne san Atlantach. Faoin am seo bhí na fir lag go leor; ar éigean a bhí siad in ann na caidél a oibriú agus bhí cuid de na longa ag ísliú san uisce. Rug gála fíochmhar ar na longa i dtús Mhí Mheán Fómhair agus d'imigh a lán acu a mbealach féin.

Faoin am seo bhí Sasanaigh i mBaile Átha Cliath dultha chun scaoil, agus chuir an Fear Ionaid William FitzWilliam scéal reatha amach go raibh 10,000 saighdiúirí le teacht ó Shasana. Ansin tháinig scéala nua: bhí na longa Spáinneacha á mbriseadh i gCúige Uladh, i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht. D'ordaigh

<sup>3</sup> *Annála Ríoghachta Éireann*, M1588.10: <http://celt.ucc.ie/published/T100005E/index.html>.

FitzWilliam na Spáinnigh go léir a mharú. Dá mbeadh fuíoll ann ba chuí iad a chéasadh agus bhí tréas le cur i leith an té a thabharfadh dídean dóibh.

D'imigh bratlong an scuidrín iompair, *El Gran Grifón*, a bealach féin agus trí long eile (*Barca de Amberg*, *Castillo Negro* agus *La Trinidad Valencera*) ina teannta. Faoi 1 Meán Fómhair bhí *Barca de Amberg* i mbaol a báite agus aistríodh an foireann go dtí na longa eile. Shuigh *La Trinidad Valencera* ar sceir in aice le Bá Chionn an Ghabha (Dún na nGall) agus tháinig breis is 400 Spáinneach, Gréagach agus Iodálach i dtír. Bhí muintir na háite rompu amach agus ragús creachadóireachta orthu. Mar a tharla, bád os cionn tríocha creachadóir agus dhá dhuine is daichead den fhoireann (a bhí róthinn chun an long a fhágáil) nuair a chuaigh an long go tóin poill. Shocraigh de Luzón (an ceannasaí) ar dhul trasna leithinis Inis Eoghain ó dheas go dtí Caisleán Ailigh chun go bhféadfaidís an cósta a bhaint amach ar lorg loinge. Ach bhuail díorma Éireannach de chuid na Bainriona leo: bhí scirmis ann agus rinneadh ár ar chuid mhaith acu. D'éirigh lena bhfuíoll Albain a bhaint amach le cabhair ón taoiseach Ultach Somhairle Buí Ó Domhnaill. Ní raibh an t-ádh céanna leis na hoifigigh; ghabh na Sasanaigh iad agus tugadh iad chun Droichead Átha, turas ainns a d'fhág a bhformhór marbh. Tugadh de Luzón agus oifigeach eile anonn chun Londan; bhain siad an Spáinn amach trí mhalartú príosúnach sa bhliain 1597.

Ní raibh sa mhéid sin ach tús tubaiste. Briseadh a lán long agus ba mhínic an bás i ndán don té a tháinig i dtír. Crochadh foireann na pionaise móire San Juan Batista, a chuaigh ar ancaire i mBá Thrá Lí. Briseadh long eile (*San Marcos*, b'fhéidir) in aice le hOileán Caorach; ceathrar a tháinig slán agus básaíodh iad ar Chnoc an Chrochaire in éineacht lena mhair d'fhoireann loinge eile. Briseadh *Santa María de la Rosa* i mBá an Daingin; níor tháinig slán ach buachaill ceithre bliana d'aois a ceistíodh agus a crochadh. Briseadh trí long láimh leis an tSrihtideach i nDún na nGall; beagnach míle fear a bád, agus bhásaigh fórsaí na Bainriona timpeall trí chéad duine eile. Shuigh *Falcón Blanco Mediano* in aice le hInis na Bó Finne (Contae na Gaillimhe) agus thug na Flaithbheartaigh dídean don fhoireann. Tugadh ar láimh Richard Bingham (fear na Bainriona i gConnacht) iad tar éis dó a fhógairt go gcrochfaí aon duine a bhí ag cosaint Spáinneach; lig sé a mbeo leo ar chúis éigin ach d'ordaigh an Fear Ionaid FitzWilliam iad a bhású. Ní raibh sa mhéid sin ach an chuid is lú den scéal.

Mar a dúradh thuas, dream meastha ba ea lucht na hArmáide. Bhí roinnt Éireannach ar bord ó thús, idir Ghaeil agus Sean-Ghaill: John Brown ó Chluain Tairbh, Patrick Roynane ó Luimneach, John Burrell ó Droichead Átha, John Lynch (máistirghunnadóir), William Brown (mairnéalach), Edmond Eustace, Cathal Mac Conchubhair, Séamas Mag Fhearadhaigh ó Thiobraid Árann, Éinrí Ó Maoil Riain, Muiris agus Tomás Mac Gearailt, Thomas Aspolle agus an manach Séamas 'ne Dowrough'. Rinne ceannasaí cumasach, Don Alonso de Aleyva, iarracht ar an ngailias *La Girona* a sheoladh ó na Cealla Beaga ar 26 Deireadh Fómhair, 'having for his pilots three Irishmen and a Scot,' mar a dúirt tuairisc Shasanach.<sup>4</sup> (Briseadh *La Girona* faoi bhun na Leice Fada i gContae Aontroim; d'éirigh le roinnt dá foireann Albain a bhaint amach, ach níor tháinig arís ar an taisce a bhí inti go dtí seascaidí an fichiú haois.)

Is beag Spáinneach a d'fhan in Éirinn i ndiaidh na hArmáide, ach chuaigh roinnt acu i seirbhís Aodha Uí Néill, agus bhí ochtar acu le fáil ann fós ocht mbliana níos déanaí. Ar na fir a bhain an Mór-Roinn amach bhí an Captaen Francisco de Cuellar agus d'fhág sé cuntas againn ar a scéal: briseadh na loinge, na creachadóirí Éireannacha ar an trá, an namhaid ar a thóir, an cúnaimh a fuair sé ó Éireannaigh idir uasal agus íseal (cé gur shíl sé gur dhream neamhoilte garbh iad, tríd is tríd) agus na timpistí a bhain dó sular shroich sé an Fhrainc.<sup>5</sup>

Shábháil an Fear Ionaid Fitzwilliam beagnach céad duine uasal lena gcur ar fuascailt agus d'éirigh le tríocha duine acu éalú sa phionais Swallow, soitheach a bhí á dtabhairt ó Bhaile Átha Cliath go Chester i ndeireadh na bliana 1588. Bhain siad Corunna amach inti.

<sup>4</sup> The examination of James Machary of the Cross within the county of Tipperary, taken before the Lord Deputy. IRELAND ELIZABETH. 25. I. 99 - KQQ VOL. CXXXIX. Calendar of the State Papers.

<sup>5</sup> Francisco de Cuellar, "Carta de uno que fué en la Armada de Ingalaterra y cuenta la jornada":

<http://www.ucc.ie/celt/published/S108200/index.html>



Caisleán Naomh Antaine i gCorunna (*Wikipedia Commons*).

D'fhág an Armáid a rian ar an mbéaloideas. Tá scéal ann faoin 'long mhaol' a briseadh ag Inbhear i gCnocán na Líne. Tháinig sí isteach agus a crann mór cailte aici, agus deir an scéal gur thug duine de na Spáinnigh taisce óir do shimpleoir de bhunadh na háite chun go gcuirfeadh sé siúd i bhfolach í. Cuireadh i bportach idir dhá thrá faoi sholas na gealaí í dá réir agus tá sí fós ann.

Is féidir tuiscint éigin a fháil ar an tsíon a bhuail an Armáid ó fhíseán de chuid an *Irish Times*, ag taispeáint na farraige amach ó Bhaile Choitín i gContae Chorcaí.

<http://www.irishtimes.com/news/video?vid=1.1688977>

***Le léamh:***

Calendar of the State Papers relating to Ireland, of the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Mary, and Elizabeth: [http://archive.org/stream/calendarofstatep04greauoft/calendarofstatep04greauoft\\_djvu.txt](http://archive.org/stream/calendarofstatep04greauoft/calendarofstatep04greauoft_djvu.txt)

Hutchinson, Robert (2013). *The Spanish Armada*. Weidenfeld & Nicolson. ISBN 978-0-297-86637-4

Kilfeather, T.P. (1967). *Ireland: Graveyard of the Spanish Armada*. Anvil.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leaganacha simplithe

### Wikipedia agus an Vicipéid

Is é Wikipedia ciclipéid ár linne. Tá os cionn 30 milliún alt ann i 287 teanga. Tríd is tríd, is féidir le duine ar bith cur le Wikipedia ach é a dhéanamh de réir na rialacha. Ní le haon duine ar leith na hailt. Níl aon duine ná aon dream i gceannas na hoibre.

Tá saghas cliarlathais ann. Tá ‘riarthóirí’ ann chun smacht éigin a choinneáil ar na scríbhneoirí, agus tá ‘maoir’ ann chun smacht éigin a choinneáil ar na riarthóirí. Ach ní hé go bhfuil lánúdarás ag aon duine acu seo sa obair.

Tá na mná gann i saol Wikipedia. Nuair a rinneadh suirbhé sa bhliain 2011 fuarthas amach nach raibh iontu ach 13% de na scríbhneoirí. heagarthóirí. Is beag an t-ionadh é sin. Is fada saol na ríomhaireachta faoi smacht na bhfear. Tá an t-eolas ag na mná ach is minic nach bhfuil siad chomh teanntásach leis na fir.

Tá cliarlathas láidir ann agus tá na rialacha casta. Cuireann sé sin beaguchtach ar scríbhneoirí nua agus tá an líon scríbhneoirí ag dul i laghad. Deir Jimmy Wales (bunaitheoir Wikipedia) gurb é an fhadhb is mó ná easpa éagsúlachta a bheith ar na scríbhneoirí. Tá daoine nua ag teastáil chun scríobh faoi rudaí nach bhfuil mórán oibre déanta orthu.

Tá Fundúireacht Wikipedia ag iarraidh na fadhbanna a fhuascailt. Is mian leo cumadh na n-alt a dhéanamh níos fusa, breis scríbhneoirí a fháil ó thíortha nach raibh baint mhór acu leis an tionscadal go dtí seo, agus úsáid a bhaint as áiseanna fóin agus as-líne.<sup>6</sup> Agus tá iarracht á déanamh anois ar líon na mban a mhéadú.

Tá Wikipedia na Gaeilge ann: An Vicipéid – <http://ga.wikipedia.org>. Tá os cionn 28,000 alt sa Vicipéid anois ach ní bheadh i gcuid mhaith acu ach stumpaí - abairtí gearra a thugann cuntas lom ar an dtopaic. Is iad na topaicí is laige sa Vicipéid an fhisic, an mhatamaitic, an cheimic, an bhitheolaíocht, an éiceolaíocht, an innealtóireacht, an ríomheolaíocht agus an réalteolaíocht.

Ba thrua mura raibh sa Vicipéid ach maisiú. Ba cheart di a bheith úsáideach. Fiú sa bhliain 2010 fuair an Vicipéid 23,142 amas, agus tá ailt nua á scríobh gan stad.

Is é an deacracht is mó atá ann go bhfuil slua mór saineolaithe ag obair ar na leaganacha ‘móra’ de Wikipedia. Níl ach scata beag scríbhneoirí ag an Vicipéid agus is beag bean atá ina measc. Mar sin féin, níl cliarlathas casta conspóideach ann mar atá i Wikipedia an Bhéarla.

### An Armáid agus Éire

I Mí na Lúnasa 1588 sheol Armáid na Spáinne faoi cheannas Alonso de Guzmán El Bueno, an seachtú Diúc Medina Sidonia. Bhí sí chun arm a thabhairt ó Fhlóndras chun ionradh a dhéanamh ar Shasana. Theip ar an ionradh, ar ndóigh; chuir cabhlach Shasana ruaig ar na Spáinnigh. Shocraigh Medina Sidonia ar chúrsa nua a leanúint: rachaidís lastuaidh d’Albain, siar san Atlantach agus ó dheas chun na Spáinne.

Bhí an aimsir uafásach dona; bhí cuid de na longa gan uisce, bhí an bhuinneach coitianta agus bhí an bia lofa. Ní raibh léarscáileanna cruinne ag na piolótaí. Bhí Sruth na Murascaille ag dul i gcoinne na long agus á mbrú soir arís. Scaip na longa agus chuaigh cuid acu a mbealach féin.

Tháinig scaoll sna Sasanaigh i mBaile Átha Cliath. Ansin tháinig scéala nua: bhí na longa Spáinneacha á mbriseadh i gCúige Uladh, i gCúige Mumhan agus i gCúige Chonnacht. D’ordaigh an Fear Ionaid FitzWilliam na Spáinnigh a mharú.

Briseadh mórán long. Shuigh *La Trinidad Valencera* ar sceir in aice le Cionn an Ghabha i nDún na nGall agus tháinig breis is 400 Spáinneach, Gréagach agus Iodálach i dtír. Bhí muintir na háite rompu amach agus fonn creachadóireachta orthu. Chuaigh an long go tóin poill agus chuaigh an

---

<sup>6</sup> As-líne – offline.

fhoireann ar lorg loinge eile. D'ionsaigh saighdiúirí de chuid na Bainriona iad; rinneadh ár ar chuid mhór den fhoireann ach d'éirigh le roinnt fear Albain a bhaint amach le cabhair ón taoiseach Ultach Somhairle Búí Ó Domhnaill.

Briseadh a lán long eile agus crochadh mórán de na fir a tháinig i dtír. Briseadh *Falcón Blanco Mediano* in aice le hInis na Bó Finne i gContae na Gaillimhe agus thug na Flaithbheartaigh<sup>7</sup> didean don fhoireann. Tugadh ar láimh<sup>8</sup> Richard Bingham (fear na Bainriona i gConnacht) iad tar éis dó a fhógairt go gcrochfaí aon duine a bhí ag cosaint Spáinneach. Lig sé a mbeo leo<sup>9</sup> ach d'ordaigh an Fear Ionaid FitzWilliam iad a bhású.

Bhí Éireannaigh le fáil san Armáid, idir Ghaeil agus Sean-Ghaill: John Brown ó Chluain Tairbh, Patrick Roynane ó Luimneach, John Burrell ó Droichead Átha, John Lynch (máistirghunnadóir), William Brown (mairnéalach), Edmond Eustace, Cathal Mac Conchubhair, Séamas Mag Fhearadhaigh ó Thiobraid Árann, Éinrí Ó Maoil Riain, Muiris agus Tomás Mac Gearailt, Thomas Aspolle agus an manach Séamas 'ne Dowrough'.

D'fhan roinnt Spáinneach in Éirinn. Chuaigh roinnt acu i seirbhís Aodha Uí Néill. Bhain roinnt eile an Mhór-Roinn amach. Orthu sin an Captaen Francisco de Cuellar agus d'fhág sé cuntas againn ar a sheal in Éirinn. D'éirigh le roinnt Spáinneach long a ghabháil a bhí á dtabhairt ó Bhaile Átha Cliath go Chester. Bhain siad an Spáinn amach inti.

---

<sup>7</sup> Na Flaithbheartaigh – the O'Flahertys

<sup>8</sup> Tabhair ar láimh – deliver into custody

<sup>9</sup> Lig sé a mbeo leo – he spared their lives